Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

Ceannaireacht agus Fadbhreathnú

Plean Straitéiseach
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
2006 - 2008

Réamhfhocal

Tá claochlú iomlán tagtha ar thírdhreach oideachasúil na hÉireann le cúig bliana is fiche, ó ghlac an Institiúid Náisiúnta Ardoideachais i nGlas Naíon le mic léinn den chéad uair. Dearcadh traidisiúnta i bhí i réim an uair sin in earnáil an tríú leibhéal. Bhí gníomhaíochtaí á gcur chun cinn le cúnamh acmhainní agus infrastruchtúir nach raibh ag fónamh do thír fhorbartha a raibh ardmhianta suntasacha aici.

Is mór iad na hathruithe ó shin, an ceathrú céad sin ar aghaidh. Táthar den tuairim go forleathan anois gur gá ollscoileanna tréana, chomh maith le fiontraíocht lucht acadúil agus mhac léinn, agus áiseanna ar chaighdeán domhanda chun sochaí an eolais atá uainn a bhaint amach. Is eol dúinn freisin nach mór do na hollscoileanna féin a bheith ina ngníomhairí ar mhaithe le hathrú radacach, agus nach éascaitheoirí na nuálaíochta amháin trí pháirtithe eile a bheadh iontu.

Gabhann DCU chuici go nádúrtha na rólanna sin. Ba cheannródaithe sinn i modhanna teagaisc nua agus i dtréimhsí inteirneachta do mhic léinn; thugamar spreagadh don idirdhisciplíneacht ag an uile leibhéal ón tús; shainíomar agus thugamar tús áite do réimsí fócasaithe ar mhaithe le taighde ar chaighdeán domhanda; d'earcaíomar mic léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, ar bhonn gníomhach, agus thugamar tacaíocht dóibh; ba léir dúinn go rabhamar i bpáirt le pobail áitiúla san athghiniúint uirbeach, agus go rabhamar inár gceann feadhna san athnuachan chultúrtha. Cuireadh é seo ar fad i gcrích i ngeall ar dhúthracht na foirne, agus ár gcuid mac léinn agus lucht tacaíochta.

Sa phlean straitéiseach deireanach againn, *Leading Change*, leanamar leis an tiomantacht sin a bheith inár gceann feadhna ar an nuálaíocht. Bhunaíomar ár bhforbairt straitéiseach ar Théamaí Acadúla idirdhisciplíneacha a thabhairt isteach, an chéad ollscoil ar domhan a rinne a leithéid. Léiríonn na Téamaí sin ár gcuid láidreachtaí, ár dtosaíochtaí náisiúnta agus an tuiscint atá againn ar riachtanais agus ar dheiseanna sa todhchaí.

Seolann an plean straitéiseach nua, *Ceannaireacht agus Fadbhreathnú*, cuid eile den aistear seo sinn agus deimhníonn sé go bhfuilimid meáite ar a bheith radacach agus nuálaíoch, agus ar an gcumas agus na modhanna a shealbhú chun seasamh i measc na gceannairí idirnáisiúnta sna réimsí tosaíochta againn.

Ní ar mhaithe leis an uaillmhian amháin a chothaímid an intinn seo, ach toisc go gcreidimid go ndéanann spriocanna DCU leas ár sochaí agus go gcuirfidh siad treise le spriocanna náisiúnta a chur i gcrích. Creidimid nach foláir go mbeidh cultúr imscrúdaithe, fiontraíochta, nuálaíochta, caoinfhulangachta agus urraime ag tír rathúil nua-aimseartha.

Is mian le DCU a bheith chun tosaigh ina rogha ollscoile in Éirinn mar thír a ghabhann chuici le lánchroí an cultúr sin.

Ferdinand von Prondzynski
Uachtarán

Misean agus luachanna

An intinn straitéiseach

Is í intinn straitéiseach DCU a bheith ina gníomhaire suaithinseach don nuálaíocht radacach, laistigh de chultúr feabhais ar chaighdeán idirnáisiúnta san ardoideachas agus sa scoláireacht.

An bhunghníomhaíocht

Cuireann DCU é seo i gcrích trí eolas a fhionnadh, anailís a dhéanamh air, trí chur leis agus é a aistriú i dteagasc agus i dtaighde, agus trí chruthaitheacht a chothú agus athrú a bhrú chun cinn.

An mhodheolaíocht

Sainaithníonn DCU riachtanais intleachtúla agus eolais, deiseanna agus treochtaí, tugann sí tosaíocht dóibh agus cuireann ceannaireacht i bhfeidhm sna réimsí tosaíochta roghnaithe.

Na luachanna

Is iad na luachanna suaithinseacha seo a leanas a bheidh ag DCU:

- **Radacach agus nuálaíoch**
- **Comhpháirteach agus gréasánaithe**
- **Inrochtana agus oscailte**
- **Tiomanta don ionracas intleachtúil, don oibiachtúlacht, agus don tsaoirse acadúil.**

Ról DCU san Ardoideachas in Éirinn

Is í DCU an ollscoil is óige in Éirinn, í 25 bliana díreach i mí na Samhna 2005. Chuidigh an mearfhás atá déanta againn agus dinimic ár gcuid ceannaireachta le claochlú a thabhairt chun cinn i mórán de na cleachtais thraidisiúnta agus de na tuiscintí a bhí mar bhonn leis an ardoideachas. I mblianta tosaigh an 21ú haois is riachtanaí fós ár gcumas a bheith ar thús cadhnaíochta agus Éire ag tabhairt aghaidh ar dheiseanna agus ar rioscaí ollmhóra araon.

Tá sé aitheanta go forleathan go bhfuil na hollscoileanna fíor-riachtanach chun go mbeadh Éire faoi rath, i dtéarmaí eacnamaíocha agus i bhforbairt sochaí atá nuálaíoch agus caoinfhulangach. Ní soláthróirí seirbhísí amháin is cóir a bheith sna hollscoileanna, ach gníomhairí náisiúnta nuálaíochta agus athraithe. Dá bhrí sin, treiseoidh DCU le rath sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann trí chultúr na fiontraíochta agus an riosca mheáite, nuálaíocht theicneolaíoch, feasacht eiticiúil, cuimsiú sóisialta agus oscailteacht chultúrtha a spreagadh.

Sa phlean straitéiseach nua seo, Ceannaireacht agus Fadbhreathnú, táimid ag athnuachan ár dtiomantachta don ról ceannaireachta, agus ag athdheimhniú ár ndiongbháilteacht chun múnlaí a bhriseadh agus patrúin bhunaithe a cheistiú chun nach mbeidís ina mbac ar an dul chun cinn agus ar an rath.

Cuirfimid an ról seo chun cinn le meon na páirtnéireachta agus na comhpháirtíochta – ach gan a bheith bogásach choíche – agus táimid ag tnúth le hoibriú i dteannta ár gcairde agus ár bpáirtnéirí in Éirinn agus thar lear.



Téamaí Acadúla DCU

Ceann de na tionscnaimh ba radacaí a bhí mar thoradh ar straitéis dheireanach DCU, *Leading Change*, ba ea na Téamaí Acadúla a chruthú agus ról na gCeannairí Téamaí.

Faoi *Leading Change*, ba mhó a bhí an líon beag téamaí straitéiseacha idirdhisciplíneacha seo mar fhráma ag fócas acadúil straitéiseach DCU. Iarrtar ar Choláistí, Dámha agus Ionaid na hollscoile a gcuid féin a chur le forbairt gach ceann de na téamaí, laistigh d'infrastruchtúr tacaíochta agus riaracháin den scoth a chuireann na haonaid seirbhísí ar fáil. Dá réir sin, cuireann na téamaí creatlach ar fáil don chomhpháirtíocht thras-dhisciplíneach leanúnach, don infheistíocht i dtionscnaimh straitéiseacha, agus chun páirtnéireachtaí seachtracha straitéiseacha a fhorbairt. Cuireann siad fuinneog ar fáil ón saol amuigh isteach in obair na hollscoile.

Faoi *Cheannaireacht agus Fadbhreathnú*, leanfar leis an gcur chuige seo i gcás forbairt chlár acadúil DCU agus cuirfear dlús leis. Is í ár n-intinn go ndéanfar stiúir agus forbairt straitéiseach ar na Téamaí go léir, trí na Ceannairí Téamaí agus trí ghrúpáil idirdhisciplíneach a thugann tacaíocht dóibh agus a chuireann a gcuid tionscnamh chun cinn.

Is iad seo a leanas na Téamaí Acadúla:

- Gnó agus Nuálaíocht
- Idirnáisiúnú, Idirchultúrachas agus Forbairt Shóisialta
- Eolaíocht, Fionnachtain agus Nuálaíocht Theicneolaíoch
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Sochaí an Eolais
- Oideachas agus Foghlaim
- Eolaíochtaí Saoil agus Sláinte sa tSochaí

Is iad na Téamaí Acadúla a stiúrann na hathruithe, agus forbairt thras-ollscoile agus idirdhisciplíneach á tiomáint acu i DCU.

Is é a ról ná anailís agus athruithe a spreagadh lasmuigh de DCU féin i saol na tíre trí chéile.



Scoil Ghnó DCU

Dámh na hInnealtóireachta agus na Ríomhaireachta

Ríomhaireacht

Innealtóireacht Leictreonach

Innealtóireacht Mheicniúil & Déantúsaíochta

Dámh na hEolaíochta agus na Sláinte

Biteicneolaíocht

Eolaíochtaí Ceimiceacha

Eolaíochtaí Matamaiticiúla

Altranas

Eolaíochtaí Fisiceacha

Feidhmíocht Sláinte agus Dhaonna

Dámh na nDaonnachtaí & na nEolaíochtaí Sóisialta

Teangacha Feidhmeacha & Staidéar Idirchultúrtha

Cumarsáid

Staidéar Oideachais

Fiontar

Dlí & Rialtas

Oscail

Comhtháthú Straitéise

Déanfar an straitéis a chomhtháthú tríd an ollscoil le tacaíocht ó thrí chomhpháirt mhóra straitéise:

- Straitéis Nuálaíochta Foghlama
- Straitéis Taighde
- Straitéis Ghafacht Pobail

DCU

Cuspóirí straitéiseacha DCU

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 1

Déanfaidh DCU comhtháthú ar na Téamaí Acadúla, mar thiomántáin nuálaíochta agus athraithe, le réimsí uile na ngníomhaíochtaí ollscoile atá ag teacht lenár n-intinn straitéiseach.

Chun feidhm iomlán a thabhairt do straitéis DCU, **tabharfar chun críche próiseas ceapachán na gCeannairí Téamaí Acadúla.**

Déanfaimid nuashonrú ar na pleananna do na Téamaí indibhidiúla agus cuirfimid i bhfeidhm iad sa chaoi go múnlóidh siad clár foghlama agus taighde na hollscoile.

Déanfar é seo ar bhonn páirtnéireachta idir na Ceannairí Téamaí agus an Coiste Téama do gach Téama.

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 2

Saineoidh DCU treochtaí eolais agus riachtanais náisiúnta sa todhchaí agus gníomhóidh sí ina leith, ar mhaithe le ceannas a thabhairt ar athrú a thabhairt chun cinn i sochaí na hÉireann agus chun eolas a aistriú go críochnúil ina leasanna sóisialta agus eacnamaíocha.

Chun go bhféadfaimis leanúint den cheannaireacht agus den tacaíocht i gclár na Éireann don fhás eacnamaíoch agus d'fhorbairt an eolais sa todhchaí, ní mór dúinn cinneadh a dhéanamh anois maidir leis na réimsí a roghnú don infheistíocht thosaíochta ar mhaithe le cuspóirí teagaisc agus foghlama. Deimhneoimid dá réir sin, faoi dheireadh na tréimhse pleanála, **go mbeidh athbhreithniú Fadbhreathnaithe ar threochtaí eolaíochta agus cultúrtha curtha i gcrích againn** agus go mbeidh sé seo le sonrú sna pleananna acmhainnithe agus oibriúcháin.

Bunóimid grúpaí Fadbhreathnaithe don taighde agus don nuálaíocht foghlama a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe inmheánacha agus idirnáisiúnta.



Cuspóir Straitéiseach Uimh. 3

Déanfaidh DCU an pórtfóilió oideachais a athchumadh ar bhonn leanúnach chun a dheimhniú go mbeidh sé nuálaíoch agus radacach agus go bhfreagraíonn sé do riachtanais na mac léinn agus do thosaíochtaí náisiúnta straitéiseacha.

Déanfaimid an **curaclam** a leasú agus a fhorchóiriú ó bhonn, agus **modheolaíochtaí measúnachta** san áireamh, agus **scorfar cláir** ar bhonn gníomhach.

Cothóimid **eispéireas mac léinn sainiúil de chuid DCU,** a chuireann ar chumas ár mac léinn treisiú go suaithinseach leis an leas eacnamaíoch, sibhialta agus cultúrtha. Cothóimid **an fhoghlaim eispéireasach, seach-churaclaim agus bunaithe ar an imscrúdú,** agus tabharfaimid tacaíocht don **fheabhas sa teagasc.**

Beimid ar an gcéad ollscoil in Éirinn a thabharfaidh isteach sraitheanna **modúl téamúil, tras-ollscoile** i réimsí ar nós cruthaitheacht, idirnáisiúnú, forbairt shóisialta, agus sláinte sa tsochaí.

Neartóimid ár dtiomantacht don **fhoghlaim fadsaoil.**

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 4

Treiseoidh DCU a cuid scoláireachta ionas go mbeidh sí aitheanta go hidirnáisiúnta mar ollscoil idirdhisciplíneach, ardfhócasaithe, diantaighde agus chomhpháirtíochta.

Bunriachtanas d'ollscoil ar bith atá ag éileamh feabhais ar chaighdeán domhanda i réimsí tosaíochta is ea a cumas chun tarraingt as bunfhoinse **saineolaithe aitheanta den scoth** chun dul i gceannas ar thionscadail. Deimhneoimid, faoi dheireadh na tréimhse pleanála, go mbeidh méadú **20 ar a laghad** ar líon **na saineolaithe domhanda aitheanta** a bheidh ag obair i DCU sna réimsí tosaíochta againn.

Ní mór dúinn freisin a bheith in ann an feabhas inár gcuid taighde a dhoiciméadú, agus a bheith fírinneach maidir le réimsí nach mór breis forbartha a dhéanamh orthu. Tionscnóimid, dá réir sin, clár **Measúnachta Taighde san ollscoil uile.**

Cothóimid freisin **clár cuairteoirí mórchlú agus tabharfaimid tacaíocht do chomhdhálacha agus do cheardlanna ardaitheanta ar an gcampas.**

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 5

Beidh DCU ina ceannaire ar an gCeathrú Leibhéal a fhorbairt in Éirinn.

De thoradh foilsiú thuarascáil an OECD ar an ardoideachas in Éirinn, glactar anois leis nach mór don taighde iarchéime in Éirinn fás go suntasach más mian linn fanacht ar bhonn iomaíoch go hidirnáisiúnta. Deimhneoimid faoi dheireadh na tréimhse pleanála go mbeidh **méadú 20 faoin gcéad ar líon ár mac léinn taighde iarchéime,** agus go mbeidh siad ag saothrú i mbunréimsí tosaíochta institiúideacha agus náisiúnta.

Chun tacaíocht fhónta a thabhairt do mhic léinn iarchéime, ceapfar **Déan Staidéar Iarchéime.**

Cothóimid freisin clár cuimsitheach **oiliúna do mhic léinn iarchéime** bunaithe ar riachtanais náisiúnta.

Cothóimid clár **inteirneacht iarchéime thionsclaíoch.**

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 6

Déanfaidh DCU forbairt ar straitéis radacach, inbhuanaithe chuí ar mhaithe le fás ioncaim agus déanfaidh sí a cuid beartas agus a hacmhainní a chomhtháthú mar léiriú beacht ar a tosaíochtaí straitéiseacha sainiúla.

Chun nach mbeifí i dtuilleamaí ró-mhór ar mhaoiniú poiblí, deimhneoimid faoi dheireadh na tréimhse pleanála go mbeidh **70 faoin gcéad ar a laghad** d'ioncam iomlán DCU ag teacht as foinsí seachas deontas athfhillteach an HEA agus as táillí a íocann an HEA, agus go mbeidh na hacmhainní fócasaithe go soiléir ar thosaíochtaí institiúideacha.

Déanfaimid forbairt ar **straitéis ioncaim** a chuirfidh cuspóirí straitéiseacha na hollscoile i gcrích trí **fhás ioncaim.**

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 7

Cuirfidh DCU dlús lena tiomantacht d'fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

Bhí DCU ar thús cadhnaíochta i rochtain ar an ardoideachas a sholáthar do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste; ba é clár rochtana DCU an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, agus is é an ceann is mó i gcónaí é. Deimhneoimid faoi dheireadh na tréimhse pleanála go dtiocfaidh **25 faoin gcéad ar a laghad** de phobal mac léinn DCU ó ghrúpaí neamh-thraidisiúnta a raibh ionadaíocht faoi bhun an mheáin acu go dtí seo san ardoideachas.

Leanfaimid lenár ról ceannais **i bhfeasacht agus i dtuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn.**

Táimid tiomanta freisin don pháirtnéireacht leis an rialtas agus le lucht tionsclaíochta chun infheistíocht Taighde agus Forbartha a dheimhniú d'Éirinn. Tionscnóimid dhá mhórthionscadal ar a laghad chun tacaíocht a thabhairt don fhorbairt eacnamaíochta dhian-eolasach a mbeidh luach **€50 milliún ar a laghad acu.**

Cuspóir Straitéiseach Uimh. 8

Sealbhóidh DCU líon beag comhghuaillíochtaí straitéiseacha le páirtnéirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chun tarraingt as réimse saineolais níos fairsinge agus chun bunsraith a ghnóthú do thionscadail taighde agus teagaisc, ní mór páirtnéirí straitéiseacha san ardoideachas agus eagraíochtaí oiriúnacha eile a bheith againn. Deimhneoimid faoi dheireadh na tréimhse pleanála go mbeimid i mbun **chomhghuaillíocht straitéiseach** le hinstitiúid ardoideachais amháin nó breis (in Éirinn nó thar lear) agus le heagraíocht ghnó nó dheonach amháin nó breis.

Beidh DCU mar phointe cóimheasta in aghaidh na bpáirtnéirí straitéiseacha seo sna réimsí acadúla agus neamhacadúla araon.

Lorgóimid trí chomhthionscadal mhaoinithe taighde ar a laghad leis na páirtnéirí seo.

An Saol i DCU

Cuireann mic léinn a mianta i gcrích i DCU agus gnóthaíonn siad an méid a theastaíonn uathu a bhaint amach ann. Tá ceann de na córais oideachais is fearr san Eoraip ar tairisicint i DCU, agus lena chois sin tá réimse leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar fáil ann.

Spórt

Tá DCU tiomanta do chothú an spóirt ar an gcampas chun cur chuige hólaisteach i saol na mac léinn a spreagadh. Léiriú ar an tiomantacht sin iad an lárionad spóirt agus an clár lúthchleasaithe ardchumais.

Fiontraíocht

Nascfaidh Straitéis Ioncaim DCU lenár Straitéis Trachtálaíochta, a chuirtear chun cinn trí ionad fiontraíochta agus nuálaíochta DCU, ***Invent.***

Eolas



Táimid tiomanta d'fhorbairt acmhainní eolais, agus an leabharlann shuntasach san áireamh. Bainfear leas as feidhmiú nuálaíoch ICT mar acmhainn chun cur go mór le rath agus le huathúlacht DCU.

Campas Idirchultúrtha á Chruthú

Tá DCU ar thús cadhnaíochta in anailísiú agus forbairt a dhéanamh ar an dea-chleachtas maidir leis an tábhacht a bhaineann le hinimirce agus comhtháthú sóisialta in Éirinn na haimsire seo. Déanfaimid ionad idirchultúrtha ó bhonn de DCU féin trí Thionscnamh an Champais Idirchultúrtha mar dhlúthchuid den Straitéis Ghafacht Pobail. Tá an ollscoil tiomanta feisin d'fhorbairt na Gaeilge mar mheán nuálaíoch san Eoraip ilchultúrtha.



DCU agus Idirnáisiúnú

Tá straitéis idirnáisiúnaithe uaillmhianach á cur chun cinn ag DCU i láthair na huaire, a mhairfidh go ceann na mblianta. Ar na tosaíochtaí is mó atá againn, tá an éagsúlacht i bpobal na mac léinn, naisc thaighde leis na hollscoileanna is fearr ar domhan agus malartú foirne. Tá éifeacht ag an straitéis seo i ngach dámh san ollscoil agus tá sí á cur chun cinn ar bhonn gníomhach ag an ardbhainistíocht, ag na dámha agus na scoileanna agus tugadh tacaíocht bhreise don straitéis sa treisiú a rinneadh le déanaí ar an oifig idirnáisiúnta.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 9
Éire

Dublin City University
Dublin 9
Ireland

Teileafón +353 (0) 1 700 5000
Facs +353 (0) 1 836 0830
www.dcu.ie

Fótagraif leis an Ollamh Ferdinand von Prondzynski, Uachtarán DCU agus le Marie Leahy, Oifig Ghnóthaí Poiblí agus Chaidreamh Cumarsáide DCU.